Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16242/26

EF 305
ECOFIN 1514
DELACT 179

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7853 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.11.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le trédhearcacht agus ionchorprú tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i modheolaíochtaí rátála creidmheasa a neartú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7853 final.

Faoi iamh: C(2026) 7853 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2026
C(2026) 7853 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.11.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le trédhearcacht agus ionchorprú tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i modheolaíochtaí rátála creidmheasa a neartú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad cuspóirí an Rialacháin Tharmligthe ón gCoimisiún tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a ionchorprú ar bhealach níos fearr i modheolaíochtaí rátála creidmheasa agus iad a nochtadh don phobal ina dhiaidh sin; agus trédhearcacht agus creidiúnacht sa phróiseas rátála creidmheasa a fheabhsú.

Le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa[1] bunaíodh creat rialála an Aontais do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa (CRAnna). Leagtar síos ann rialacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, cruinneas modheolaíoch a áirithiú agus trédhearcacht a fheabhsú d'infheisteoirí. Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún[2], forlíontar ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 maidir le modheolaíochtaí rátála creidmheasa.

Faoi Phlean Gníomhaíochta 2018 maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, le Treoirlínte 2020 maidir le Nochtadh ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)[3] cuireadh feabhas ar thrédhearcacht maidir le tosca ESG i rátálacha. In anailís riosca ESMA 2022 ar Threochtaí, Rioscaí agus Leochaileachtaí[4], rinneadh measúnú ar thosca ESG a ionchorprú i modheolaíochtaí CRA. Ar bhonn na dtorthaí sin, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé aon ghníomhaíocht bhreise is gá chun a áirithiú go ndéanfar rioscaí ESG a ghabháil go córasach i rátálacha creidmheasa agus go bhfeabhsófar trédhearcacht maidir le tosca ESG a ionchorprú i modheolaíochtaí CRA.

Baineann ceann de na príomh-shaincheisteanna a eascraíonn as measúnú ESMA, as comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus as measúnú tionchair 2023 don Rialachán maidir le Rátálacha ESG[5] le neamhréireachtaí in ionchorprú tosca ESG i rátálacha creidmheasa. Áirítear ar na neamhréireachtaí sin éagsúlachtaí maidir le cé chomh dian agus a ionchorpraíonn CRAnna tosca ESG i measúnuithe acmhainneachta creidmheasa, mar aon le sainmhínithe éagsúla agus éagsúlachtaí maidir le tosca ESG a shainaithint ar fud na modheolaíochtaí.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, chuir an Coimisiún iarraidh ar chomhairle theicniúil faoi bhráid ESMA in 2023, ag lorg a ionchuir maidir le leasuithe ar Chreat Rialála CRA agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí é a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go

---

1 IO L 302, 17.11.2009, lch. 1 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1060/oj.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún an 21 Márta 2012 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht modheolaíochtaí rátála creidmheasa (IO L 140, 30.5.2012, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2012/447/oj).

3 Treoirlínte maidir le Ceanglais maidir le Nochtadh is Infheidhme maidir le Rátálacha Creidmheasa (ESMA33-9-320).

4 Nochtuithe CSR maidir le mianadóireacht téacsanna i bpreaseisiúintí ó ghníomhaireachtaí rátála (ESMA80-195-1352).

5 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad 'Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)', SWD(2023) 204 final an 13 Meitheamh 2023.

ndéanfar tosca ESG a ionchorprú ar bhealach níos fearr i modheolaíochtaí rátála creidmheasa. Thug ESMA a chomhairle theicniúil chríochnaitheach roimh dheireadh 2024 [6].

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 chun tosca ESG a ionchorprú ar bhealach níos déine i modheolaíochtaí rátála creidmheasa agus chun critéir a leagan síos nach mór do na modheolaíochtaí sin a chomhlíonadh agus tosca ESG á n-ionchorprú i measúnuithe acmhainneachta creidmheasa.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 i gcomhréir le hAirteagal 21(4), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009. Ceanglaítear leis sin ar ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun a shonrú go gcomhlíonann modheolaíochtaí rátála creidmheasa na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.

Is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe seo feabhas a chur ar inrianaitheacht maidir le tosca ESG a ionchorprú i modheolaíochtaí rátála creidmheasa i gcás ina measann na CRAnna go bhfuil siad ábhartha sa mheasúnú acmhainneachta creidmheasa. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na hathbhreithnithe atá beartaithe, beidh ar CRAnna athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróisis inmheánacha agus, b'fhéidir, na modheolaíochtaí atá acu cheana a thabhairt cothrom le dáta. Beidh leibhéal agus méid na gcostas sin ag brath ar a mhéid atá tosca ESG ionchorpraithe cheana ag CRA ina mhodheolaíochtaí rátála creidmheasa. Mar a luaitear sa chomhairle theicniúil, níl coinne ach le hualach beag breise comhlíontachta mar thoradh díreach ar chur i bhfeidhm na n-athruithe atá beartaithe. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar chostais sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí phacáiste rialála comhchuibhithe an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe a chur chun feidhme de réir a chéile. Thairis sin, tá coinne leis gur mó na tairbhí ná na costais toisc go dtairbheoidh CRAnna de na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 a mholtar sa Rialachán Tarmligthe seo trí shoiléireacht níos fearr a fháil maidir le hionchais mhaoirseachta ESMA sa réimse sin.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Sholáthair ESMA ionchur trí dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá an Rialachán Tarmligthe seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin.

Rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte roimhe sin maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin. Rinne sé anailís ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo; agus chuaigh sé i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Ina theannta sin, d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

---

6 Comhairle Theicniúil ESMA maidir le hAthbhreithnithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le CRAnna (ESMA84-2037069784-2196).

7 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 den Rialachán Tarmligthe seo leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012.

Le pointe (1), cuirtear téacs nua in ionad Airteagal 3, mír 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 lena leathnaítear raon feidhme athbhreithniú ESMA chun saolré iomlán na modheolaíochtaí rátála creidmheasa a chuimsiú agus chun a shoiléiriú nach mór a áireamh sna modheolaíochtaí sin – i gcás inarb infheidhme – critéir, samhlacha, príomhthoimhdí agus tuartha rátála.

Le pointe (2), cuirtear téacs nua in ionad Airteagal 4, mír 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 lena neartaítear na ceanglais trédhearcachta le haghaidh CRAnna trína cheangal ar CRAnna na tosca cáilíochtúla agus cainníochtúla uile atá mar bhonn taca lena modheolaíochtaí a nochtadh go mion.

Le pointe (2), cuirtear téacs nua in ionad Airteagal 4, mír 3, de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 freisin lena gceanglaítear ar CRAnna mínithe mionsonraithe a thabhairt ina modheolaíochtaí rátála creidmheasa.

Le pointe (3), cuirtear mír 3 nua le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 lena gceanglaítear go mbeidh modheolaíochtaí rátála creidmheasa mionsonraithe agus deartha go leordhóthanach chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus rátálacha creidmheasa á gcinneadh.

Le pointe (4), déantar mioncheartúchán eagarthóireachta ar fhoclaíocht tosaigh Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012.

Le pointe (5), cuirtear pointe (e) nua le hAirteagal 7(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 447/2012 lena gceanglaítear bailíochtú modheolaíochta rátála creidmheasa a dhearadh chun measúnú a dhéanamh ar shonraí ionchuir a úsáidtear chun modheolaíochtaí a fhorbairt maidir lena n-iomláine, a gcruinneas agus a n-oiriúnacht.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.11.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le trédhearcacht agus ionchorprú tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i modheolaíochtaí rátála creidmheasa a neartú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa[1], agus go háirithe Airteagal 21(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun inrianaitheacht leordhóthanach a áirithiú maidir leis an gcaoi ar chuir gníomhaireacht rátála creidmheasa breithnithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG), lena n-áirítear – i gcás inarb infheidhme – rioscaí ESG, san áireamh ina modheolaíochtaí rátála creidmheasa, chomh maith le nochtadh poiblí ina dhiaidh sin a éascú, go háirithe i gcás ina meastar tosca ESG a bheith ábhartha don mheasúnú acmhainneachta creidmheasa, ba cheart breithnithe ESG den sórt sin a dhoiciméadú sa mhodheolaíocht rátála creidmheasa is infheidhme.

(2) Chun a áirithiú go ndéanfaidh CRAnna na measúnuithe is gá ar bhreithnithe ESG, lena n-áirítear rioscaí ESG, agus chun trédhearcacht a áirithiú d'úsáideoirí rátálacha creidmheasa maidir le conclúidí CRA, fiú i gcásanna ina meastar nach bhfuil tosca ESG ábhartha chun acmhainneacht creidmheasa a chinneadh, ba cheart a cheangal ar CRAnna tagairt shainráite a dhéanamh do na measúnuithe sin agus a mínithe mionsonraithe ar mhodheolaíochtaí rátála creidmheasa á soláthar acu.

(3) Chun a áirithiú go measfar go comhsheasmhach an gcomhlíonann modheolaíochtaí rátála creidmheasa na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, tá sé tábhachtach a shonrú go measann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) gurb í modheolaíocht rátála creidmheasa an creat a úsáideann CRA chun rátálacha creidmheasa agus ionchais rátála a chinneadh. Chuige sin, féadfaidh eilimintí amhail critéir, samhlacha, tosca tiomána agus príomhthoimhdí rátála atá ábhartha don mheasúnú ar acmhainneacht creidmheasa a bheith i modheolaíocht den sórt sin.

(4) Ba cheart modheolaíochtaí rátála creidmheasa a dhearadh ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm go córasach. Dá bhrí sin, ba cheart do na modheolaíochtaí sin treoraíocht atá mionsonraithe go leor a sholáthar do na daoine atá freagrach as a gcur i bhfeidhm. Thairis sin, is gá a shonrú gur cheart bailíochtú modheolaíochtaí rátála creidmheasa a

[1] IO L 302, 17.11.2009, lch. 1 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1060/oj).

cheapadh, *inter alia*, chun a áirithiú go ndéanfar measúnú leordhóthanach ar na sonraí ionchuir a úsáidtear chun modheolaíochtaí den sórt sin a fhorbairt.

(5) Le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 462/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa bearta a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú lena n-áiritheofar go mbeidh ionchais rátála bunaithe ar anailís chríochnúil ar an bhfaisnéis ábhartha uile atá ar fáil, i gcomhréir lena modheolaíochtaí is infheidhme, agus ionchais rátála a nochtadh in éineacht le rátálacha creidmheasa, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na modheolaíochtaí bunaithe agus doiciméadaithe a úsáidtear chun rátálacha creidmheasa agus ionchais rátála araon a chinneadh. Dá bhrí sin, is gá a shonrú gur cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún[3], i gcás inarb ábhartha, maidir le hionchais rátála freisin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 a leasú dá réir sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA.

(8) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann, chuaigh sé i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(9) Ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar trí dhóthain ama a thabhairt do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa chun tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a ionchorprú ar bhealach níos fearr ina modheolaíochtaí rátála creidmheasa agus ina nochtuithe poiblí gaolmhara, agus chun trédhearcacht agus inchreidteacht sa phróiseas rátála creidmheasa a fheabhsú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

---

2 Rialachán (AE) Uimh. 462/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 146, 31.5.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/462/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún an 21 Márta 2012 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht modheolaíochtaí rátála creidmheasa (IO L 140, 30.5.2012, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2012/447/oj).

4 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

‘2. Agus scrúdú á dhéanamh aige ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 a bheith á gcomhlíonadh ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, déanfaidh ESMA an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis uile is ábhartha a úsáid maidir le measúnú a dhéanamh ar na próisis chun modheolaíochtaí rátála creidmheasa a fhorbairt, a fhormheas, a chur i bhfeidhm, a bhailíochtú agus a athbhreithniú;

(b) a mheas gurb í modheolaíocht rátála creidmheasa an creat a úsáidtear chun rátáil chreidmheasa a chinneadh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na critéir, na samhlacha, na tosca tiomána agus na príomhthoimhdí rátála atá ábhartha don mheasúnú acmhainneachta creidmheasa;

(c) a mheas go bhfuil feidhm ag na ceanglais is infheidhme maidir le rátálacha creidmheasa maidir le hionchais rátála freisin i gcás inarb ábhartha agus de réir na modheolaíochtaí rátála creidmheasa is infheidhme.’

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

‘2. Bainfidh gníomhaireacht rátála creidmheasa úsáid as modheolaíochtaí rátála creidmheasa a chomhlíonfaidh gach ceann de na ceanglais seo a leanas agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad:

(a) liostófar gach toisc cháilíochtúil, lena n-áirítear raon feidhme an bhreithiúnais cháilíochtúil arna chur i bhfeidhm ar an dtoisc sin;

(b) áireofar iontu, i gcás inarb ábhartha, na príomhathróga, na foinsí sonraí, na príomhthoimhdí, an samhaltú agus na teicnící cainníochtúla is infheidhme maidir leis na tosca cáilíochtúla;

(c) liostófar gach toisc chainníochtúil; agus

(d) áireofar iontu na príomhathróga, na foinsí sonraí, na príomhthoimhdí, an samhaltú agus na teicnící cainníochtúla is infheidhme maidir leis na tosca cainníochtúla;

3. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 míniú mionsonraithe ar na pointí uile seo a leanas:

(a) tábhacht gach toisce cáilíochtúla nó cainníochtúla a úsáidtear laistigh den mhodheolaíocht rátála creidmheasa sin, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar aon ualú a shanntar do na tosca sin agus an t-údar atá le haon ualú agus an tionchar atá ag aon ualú ar rátálacha creidmheasa;

(b) measúnú ar an ngaolmhaireacht idir na príomhthoimhdí a úsáidtear sa mhodheolaíocht rátála creidmheasa sin agus na tosca riosca criticiúla a dhíorthaítear ó shonraí maicreacnamaíocha nó airgeadais;

(c) measúnú ar an ngaolmhaireacht idir na príomhthoimhdí a úsáidtear i modheolaíocht rátála creidmheasa agus luaineacht na rátálacha creidmheasa a tháirgtear leis an modheolaíocht sin le himeacht ama; agus

(d) cé acu a mheastar nó nach meastar breithnithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG), lena n-áirítear rioscaí ESG i gcás inarb infheidhme, a bheith ábhartha do mheasúnú na gníomhaireachta rátála creidmheasa ar acmhainneacht creidmheasa, agus cén fáth, lena n-áirítear conas a

ionchorpraítear breithnithe den sórt sin sa mhodheolaíocht is infheidhme.’

(3) in Airteagal 5, cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

‘3. Bainfidh gníomhaireacht rátála creidmheasa úsáid as modheolaíochtaí rátála creidmheasa atá mionsonraithe go leor agus deartha lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus rátálacha creidmheasa á gcinneadh.’

(4) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Úsáidfidh gníomhaireacht rátála creidmheasa modheolaíochtaí rátála creidmheasa atá deartha agus curtha chun feidhme ar bhealach a chuireann ar a gcumas dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:’;

(5) in Airteagal 7(3), cuirtear isteach an mhír nua (e) seo a leanas:

‘(e) measúnú a dhéanamh ar na sonraí ionchuir a úsáidtear chun modheolaíochtaí a fhorbairt maidir lena n-iomláine, a gcruinneas agus a n-oiriúnachta.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán :Cuir isteach an dáta 12 mhí ó dháta a theacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.11.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN